

Gairm san Eolaíocht agus ETIM (STEM)

Ar mhaith leat gairm a bhaint amach in ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata)? Tabharfaidh an bhileog seo tuiscint níos fearr duit ar na roghanna atá agat. Tá tábhacht ar leith ag baint le ETIM sa lá atá inniu ann, go háirithe nuair a smaoinítear ar na dúshláin atá romhainn ar scála domhanda. Smaoinigh ar chúrsaí aeráide, mar shampla, agus ar an obair ollmhór atá ar bun sa réimse sin. Tá fás agus forbairt ag teacht ar an tionscal fuinnimh in-athnuaite anseo in Éirinn, agus tá gá le heolaithe, innealtóirí, agus a thuilleadh nach iad chun taighde eolaíoch agus dul chun cinn sa teicneolaíocht a dhéanamh. Tá tábhacht nach beag ag baint leis an réimse seo sa Ghaeltacht agus beidh an Ghaeilge i gcónaí ina buntáiste duit i dteannta saineolais i réimsí eile, ar nós ETIM.


Seo samplaí de na cúrsaí ollscoile is féidir leat a dhéanamh más spéis leat céim a bhaint amach sa Ghaeilge agus i ngné de ETIM (STEM):

Cód	Cúrsa	Cáilíocht	Institiúid/Ollscoil	Cód QR
GY304	Bith-theicneolaíocht le Gaeilge	BSc	Ollscoil na Gaillimhe	
QI31 (cód UCAS)	Ríomhaireacht & Gaeilge	BSc	Ollscoil Uladh	
CK101	Gaeilge & Ríomheolaíocht nó Staidéar Matamaiticiúil	BA	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	
TRO39	Ríomheolaíocht, Teangeolaíocht agus Gaeilge	BA	Coláiste na Tríonóide	
TRO31	Matamaitic & Gaeilge	BA	Coláiste na Tríonóide	
GY101	Gaeilge & Teicneolaíocht Faisnéise nó Matamaitic	BA	Ollscoil na Gaillimhe	
GY101	Léann na Cumarsáide & Teicneolaíocht Faisnéise nó Matamaitic	BA	Ollscoil na Gaillimhe	
GY101	Matamaitic & Léann an Aistriúcháin	BA	Ollscoil na Gaillimhe	
LM002	Matamaitic & Gaeilge	BA	Ollscoil Luimnigh	
MH101	Nua-Ghaeilge & Ríomheolaíocht nó Matamaitic nó Staidéar Matamaiticiúil nó Físic Mhatamaiticiúil nó Staitistic	BA	Ollscoil Mhá Nuad	

Níl anseo thuas ach samplaí de na cúrsaí. Téigh go careersportal.ie/courses/coursefinder agus bain úsáid as na scagairí ar thaobh na láimhe clé chun do chuardach a dhírú ar ábhar STEM/ETIM ar leith. Anuas air sin, is féidir leat Gaeilge a roghnú faoin scagaire ‘Le Teanga’ chun teacht ar chúrsaí STEM/ETIM a bhfuil modúl roghnach Gaeilge ag baint leo.



Féach an t-eolas spéisiúil thíos faoi chúrsaí ETIM in Ollscoil na Gaillimhe:

- » An raibh a fhios agat go gcuirtear **ranganna teagaisc ar fáil trí Ghaeilge** i réimse modúl in Ollscoil na Gaillimhe, na cinn seo thíos san áireamh?
 - Matamaitic
 - Teanga na hEolaíochta I agus II
 - Calcalas don Innealtóireacht
- » Tá roinnt deiseanna ag scoláirí i mbliain na céime tráchtas a scríobh i nGaeilge.
- » **Matamaitic don Inbhuanaitheacht:** Modúl nua lán-Ghaeilge a bheidh ar fáil do scoláirí sa 2-4ú bliain ó Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh.
- » **Gaeilge Bheo:** Faigh gach eolas faoi na modúil eile a chuirtear ar fáil, chomh maith le ranganna teagaisc agus tacaíochtaí eile don Ghaeilge in Ollscoil na Gaillimhe anseo: 

Cliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta: D'fhéadfá post a fháil sa Ghaeltacht i gceann de na príomhearnálacha seo: fuinneamh inathnuaite, innealtóireacht, uiscshaothrú, eolaíocht beatha, próiseál bia, TFC (ICT).

- **Randex** – An Clochán Liath (eolaíocht na beatha)
- **Viatrix** – Indreabhán (eolaíocht na beatha, ETIM, bithleigheas)
- **Freudenberg Medical** – An Spidéal (teicneolaíocht leighis)
- **Aran Biomedical** – An Spidéal (teicneolaíocht leighis)
- **Vermillion Energy** – Béal an Mhuirthead (innealtóireacht)
- **Fáisc Miotail Éireann** – Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair (innealtóireacht)
- **Independent Irish Health Foods** – Baile Bhuirne (bia sláintiúil)

Pointe spéisiúil: Cuireann Údarás na Gaeltachta maoiniú ar fáil do thaighde san eolaíocht in éineacht le Fondúireacht Eolaíochta Éireann (Science Foundation Ireland)

**D'fhéadfá post a fháil le gníomhaireacht stáit - coinnítear 20% de phoist do chainteoirí Gaeilge.****Mar shampla:**

- Teagasc - Údarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia na hÉireann
- Foras na Mara
- Bord na Móna
- Coillte
- An Bord Bia
- Bord Iascaigh Mhara
- Met Éireann
- Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann
- Health Research Board

Eolaithe Óga BT, SciFest agus ESB Science Blast – Deiseanna iontacha do scoláirí iar-bhunscoile! Is féidir do thionscnamh taighde a dhéanamh trí Ghaeilge. Bíonn gradam ann don tionscnamh Gaeilge is fearr ag Eolaithe Óga BT, agus bíonn lá speisialta do scoileanna lán-Ghaeilge ag ESB Science Blast.

eSTÓR na hÉireann: Gairmeacha i dTeicneolaíocht na Gaeilge

I gcás daoine a oibríonn sa riarachán poiblí ar fud na hÉireann, cuireann an tionscadal seo ar a gcumas sonraí teanga a bhailiú agus a roinnt, ionas gur féidir leo feabhas a chur ar theicneolaíocht na Gaeilge.

ABAIR.ie - Teicneolaíocht Urlabhra agus Teanga don Ghaeilge: Tá obair an-tábhachtach ar siúl ag foireann ABAIR i gColáiste na Tríonóide chun an Ghaeilge a chur chun cinn i saol na teicneolaíochta. Cuireann siad teicneolaíocht urlabhra ar fáil – smaoinigh ar *Alexa* agus *Siri* don Ghaeilge amach anseo. Tá go leor forbairtí ar siúl ar ardáin d'fhoghlaimoirí Gaeilge agus dóibh siúd le riachtanais speisialta chomh maith (eolas ar an suíomh). Tá an togra 'Míle Glór' ag rith faoi láthair chun acmhainní urlabhra a fheabhsú – is féidir cur leis an iarracht agus taifeadadh a dhéanamh ort féin ar www.abair.ie!

*Tá an cúrsa *Ríomheolaíocht, Teangeolaíocht agus Gaeilge (TRO39)* thuas an-cheangailte leis an obair seo ar theicneolaíocht na Gaeilge.

